C/2026/5946

9.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12678 — ARES / EQT / STATERA JV ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5946)

1. An 27 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ares Management Corporation ('Ares', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Ares Partners Holdco LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Statera Operating Holdings Limited ('Statera', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú EQT AB, ('EQT', an tSualainn),

— Statera Opco Holdings Limited ('Statera JV Assets', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Statera.

Gheobhaidh Ares agus EFMS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Statera JV Assets.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe é Ares agus cuireann sé réitigh chomhlántacha infheistíochta príomha agus tánaistí ar fáil do chliaint ar fud cineálacha sócmhainní an chreidmheasa, na réadmhaoine, an chothromais phríobháidigh, agus an bhonneagair,

— Is cuideachta é Statera a bhfuil baint aige le hearnáil fuinnimh na Ríochta Aontaithe, a dhíríonn ar stóráil ceallraí agus ar ghiniúint sholúbtha fuinnimh. Tá an chuideachta gníomhach freisin ar mhargaí le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh solúbtha eile, lena n-áirítear hidreastóráil pumpála agus táirgeadh hidrigine glaise. Is é EFMS bainisteoir cistí infheistíochta malartacha EQT Infrastructure VI, ciste infheistíochta príobháideach atá mar chuid de ghrúpa cistí infheistíochta EQT. Tá EFMS faoi úinéireacht aonair EQT AB (an tSualainn). Tá cuideachtaí punainne EQT gníomhach i dtionscail agus i dtíortha éagsúla in LEE agus ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Statera JV assets: thart ar 1.9 GW de chórais stórála fuinnimh i gceallraí oibriúcháin agus atá á dtógáil ('BESS') agus sócmhainní giniúna solúbtha gásadhainte ('Flex-gen'), iad uile lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Is éard atá i gceist lena ghníomhaíochtaí (i) leictreachas a stóráil agus (ii) leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí neamh-inathnuaite. Ní dhíolann Statera JV Assets leictreachas, acmhainneacht stórála agus seirbhísí solúbthachta ach ar mhargaí mórdhíola agus cothromúcháin na Ríochta Aontaithe. Ní sholáthraíonn sé leictreachas do chustaiméirí deiridh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12678 — ARES / EQT / STATERA JV ASSETS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË